Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Nollaig 2023**
**(OR. en)**

**16112/23**

**CORDROGUE 119**
**SAN 710**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 4 Nollaig 2023 |
| chuig: | Na Toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15547/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le daoine a bhfuil neamhoird úsáide drugaí orthu in éineacht le neamhoird mheabhairshláinte eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le daoine a bhfuil neamhoird úsáide drugaí orthu in éineacht le neamhoird mheabhairshláinte eile, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) iad ag an 3992ú dá cuid an 4 Nollaig 2023.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le daoine a bhfuil neamhoird úsáide drugaí orthu in éineacht le neamhoird mheabhairshláinte eile**

**Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas**

Á MHEABHRÚ di:

I mBunreacht na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), sainítear an tsláinte mar staid iomlán dea-bhaile fisicí, meabhrach agus sóisialta agus nach leor ann féin gan galar nó míchumas a bheith ar dhuine agus go bhfuil sé ar cheann de na cearta bunúsacha atá ag gach duine daonna go bhféadfadh sé an caighdeán ab airde ab fhéidir ó thaobh na sláinte de a bhaint amach[1].

Le Sprioc 3 de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, cuirtear chun cinn rochtain chomhionann neamh-idirdhealaitheach ar sheirbhísí cúraim sláinte ar ardchaighdeán do chách mar chuid de chumhdach sláinte uilíoch[2].

De réir Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, tá ag gach duine an ceart chun rochtain a fháil ar chúram sláinte coisctheach agus an ceart chun tairbhiú de chóireáil leighis faoi na coinníollacha a bhunaítear le dlíthe agus cleachtais náisiúnta. Déanfar ardleibhéal cosanta le haghaidh sláinte an duine a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais.

Is é is aidhm do Straitéis Drugaí an Aontais 2021-2025[3] agus Plean Gníomhaíochta an Aontais maidir le Drugaí 2021-2025[4] folláine na sochaí agus an duine aonair a chosaint agus a fheabhsú, an tsláinte phoiblí a chosaint agus a chur chun cinn, ardleibhéal slándála agus folláine a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, litearthacht sláinte a mhéadú, agus cur chun feidhme samhlacha iomchuí cóireála agus cúraim a shainaithint do ghrúpaí a bhfuil riachtanais speisialta acu mar réimse tosaíochta straitéiseach.

---

1 Bunreacht na hEagraíochta Domhanda Sláinte (who.int)

2 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Sprioc 3: Saol sláintiúil a áirithiú agus dea-bhail a chur chun cinn do chách gan beann ar aois: https://www.un.org/sustainabledevelopment/health/

3 Straitéis drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025: IO C 102I, 24.3.2021, lch. 1

4 Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2021-2025 OI C272 an 8.7.2021, lch.2

Aithnítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chuige cuimsitheach[5] i leith na meabhairshláinte, a foilsíodh an 7 Meitheamh 2023. gur cheart aghaidh a thabhairt freisin ar riachtanais chúraim speisialta daoine a bhfuil comhghalrachtaí orthu chun rochtain ar chóireálacha éifeachtacha a éascú, go háirithe do dhaoine a bhfuil neamhoird úsáide drugaí orthu, i gcomhréir le Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025 agus leis an bPlean Gníomhaíochta gaolmhar. Thairis sin, sonraítear ann trí threoirphrionsabal ar cheart feidhm a bheith acu maidir le gach saoránach den Aontas: i) rochtain a bheith aige ar chosc leordhóthanach agus éifeachtach, (ii) rochtain a bheith aige ar chúram sláinte agus cóireáil mheabhrach ar ardchaighdeán agus ar phraghas réasúnta, agus (iii) a bheith in ann athimeascadh sa tsochaí arís tar éis téarnaimh.

Aithníonn EDS[6], UNODC[7] agus EMCDDA[8] gur minic a bhíonn neamhoird mheabhairshláinte eile ar dhaoine a úsáideann drugaí agus a bhfuil neamhoird úsáide drugaí orthu, agus dá bhrí sin, ba cheart an ceangal idir an dá cheann a ghlacadh mar ghnáthchás seachas eisceacht. Is grúpa a bhfuil riachtanais speisialta iad na daoine seo, ar a dtugtar daoine le DUDanna agus neamhoird mheabhairshláinte eile a tharlaíonn in éineacht, nó daoine le DUDanna agus comhghalrachtaí síciatracha eile, nó daoine a bhfuil neamhoird dhéacha orthu.

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Comprehensive approach to mental health* [Cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte], an Bhruiséil, 7.6.2023, COM(2023) 298 final. https://health.ec.europa.eu/publications/comprehensive-approach-mental-health_en

[6] Caighdeáin Idirnáisiúnta EDS/UNODC maidir le cóireáil neamhoird úsáide drugaí: https://www.who.int/publications/i/item/international-standards-for-the-treatment-of-drug-use-disorders

[7] Páipéar Sheomra Comhdhála CND dar teideal *Comorbidities in drug use disorders* [Comhghalrachtaí i neamhoird úsáide drugaí] (2022): https://www.unodc.org/documents/drug-prevention-and-treatment/UNODC_Comorbidities_in_drug_use_disorders.pdf

[8] EMCDDA, Comorbidity of substance use and mental disorders in Europe: Comorbidity of substance use and mental disorders in Europe [Comhghalracht maidir le húsáid substaintí agus neamhoird mheabhracha san Eoraip]| www.emcdda.europa.eu

Tá baint ag DUDS agus neamhoird mheabhairshláinte eile a tharlaíonn in éineacht le raon leathan iarmhairtí diúltacha i gcomparáid le daoine nach bhfuil aon mhí-ord amháin orthu, bíonn déine shíceolaíoch níos mó ag baint leo agus tá rátaí níos airde iontrála éigeandála, ospidéaluithe níos síciatraí, riosca níos airde maidir le hathiompú ar úsáid drugaí, comhlíonadh agus torthaí cóireála níos measa, dóchúlacht mhéadaithe maidir le féinmharú, ródháileog agus básanna anabaí. Ina theannta sin, is mó seans go mbeidh iompraíochtaí ardriosca a bhaineann le hionfhabhtuithe, mar shampla, VEID agus víris heipitíteas C, le sonrú i measc na n-othar a bhfuil neamhoird dhéacha orthu. Tá siad níos soghabhálaí freisin i leith iarmhairtí sóisialta, mar shampla, dífhostaíocht, bochtaineacht agus easpa dídine, i gcomparáid le daoine nach bhfuil ach DUDanna orthu nó a bhfuil neamhoird mheabhracha seachas DUDanna orthu[89][10].

Cuireann neamhoird dhéacha ualach suntasach ar chórais sláinte agus shóisialta, agus leagann EDS agus UNODC béim ar a thábhachtaí atá sé neamhoird mheabhracha chomhghalracha a bhrath agus a chóireáil i ndaoine le DUDanna. Molann an dá eagraíocht go bhforbródh córais sláinte náisiúnta straitéis chomhordaithe agus idirghabhálacha ar leibhéil éagsúla córais chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine nach bhfreastalaítear orthu mar gheall ar na neamhoird dhéacha[89].

AG AITHINT DI an méid seo a leanas:

Tá neamhoird dhéacha forleathan i mBallstáit an Aontais, cé go bhfuil na sonraí atá ar fáil maidir lena leitheadúlacht fós teoranta agus ilchineálach. I gcás inarb ann do staidéir, tugann siad le fios go mbraitheann rátaí ar raon leathan tosca, lena n-áirítear: an sampla a ndearnadh staidéar air (e.g. an pobal i gcoitinne, othair in ospidéil ghinearálta, i seirbhísí meabhairshláinte nó drugaí, sa phríosún, i measc daoine gan dídean); tosca aonair agus sóisialta, an cineál substainte a ídítear agus patrúin úsáide (e.g. minicíocht, bealach an dáilte...); inrochtaineacht ar sheirbhísí sláinte/sóisialta le gairmithe oilte (i gcúram príomhúil, meabhairshláinte nó úsáid drugaí). I bhformhór na gcásanna, tá an bailiú sonraí maidir le neamhoird dhéacha chun críocha monatóireachta teoranta nó in easnamh, agus tá modhanna/ionstraimí tomhais éagsúil ó thír go tír agus ó gach suíomh go chéile. Gné ar fiú béim a leagan uirthi is ea tionchar an stiogma agus an idirdhealaithe a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an meabhairshláinte, go háirithe i ndáil le húsáid drugaí[9][10][11].

Is gá cosc agus idirghabhálacha fianaise-bhunaithe atá éifeachtach maidir le neamhoird dhéacha afhorbairt, a sholáthar agus a chur chun feidhme. Ní mór na hidirghabhálacha sin a bheith comhtháite, ildisciplíneach, cuimsitheach agus neamh-idirdhealaitheach. Mar sin féin, tá dúshláin ag baint leis an iarracht sin fós maidir le moltaí an taighde atá ar fáil a chur chun feidhme i dtreo cur chuige teiripeach comhtháite maidir le neamhoird dhéacha, chomh maith le rochtain a thabhairt ar chóireálacha éifeachtacha agus ar idirghabhálacha eile.

[9] *2023 EMCDDA Women and drugs: health and social responses* [2023 EMCDDA Mná agus drugaí: freagairtí sláinte agus sóisialta.] https://www.emcdda.europa.eu/publications/mini-guides/women-and-drugs-health-andsocial-responses_en

[10] 2023 EMCDDA Older people and drugs: health and social responses [2023 EMCDDA Daoine níos sine agus drugaí: freagairtí sláinte agus sóisialta.] https://www.emcdda.europa.eu/publications/mini-guides/older-people-and-drugs-health-and-social-responses_en

[11] 2023 EMCDDA Homelessness and drugs: health and social responses [EMCDDA Easpa Dídine agus drugaí: freagairtí sláinte agus sóisialta]. https://www.emcdda.europa.eu/publications/mini-guides/homelessness-and-drugs-health-and-social-responses_en

I bhformhór na mBallstát, roinntear cúram neamhord déach idir dhá líonra cúraim, an líonra cúraim meabhairshláinte agus an líonra cóireála drugaí. D'fhéadfadh sé sin deacrachtaí a chruthú maidir le hinrochtaineacht agus éifeachtacht na cóireála a áirithiú, rud a chruthódh dúshláin shonracha (i.e. saincheist an 'dorais mhíchirt'). Ionas nach mbeidh rochtain theoranta ag othair a bhfuil neamhoird dhéacha orthu nó nach mbeidh rochtain ar bith acu ar na seirbhísí cóireála iomchuí, ba cheart iarrachtaí tiomnaithe a dhéanamh chun na neamhoird agus na cineálacha cur chuige sin a shainaithint lena n-áirithítear dlúth-chomhordú/comhtháthú idir seirbhísí éagsúla.

Is gá feasacht a mhúscailt maidir le riachtanais chúraim speisialta daoine le DUDanna agus neamhoird mheabhairshláinte eile (nó: dálaí) i bhfreagairtí sláinte agus sóisialta, lena n-áirítear i réimsí an choisc, na cóireála, an laghdaithe díobhála agus an ath-lánpháirtithe.

Ina theannta sin, tá gá le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha uile, lena n-áirítear lucht déanta beartas, gairmithe sláinte agus sóisialta8, lucht acadúil, an tsochaí shibhialta agus daoine a bhfuil taithí bheo acu, chun bogadh i dtreo córais lena soláthraítear seirbhísí inrochtana, inacmhainne agus fianaise-bhunaithe do dhaoine a bhfuil DUDanna orthu agus neamhoird mheabhairshláinte eile. Tá gá freisin le comhar idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún trí thaithí agus dea-chleachtas a mhalartú.
Beidh gá táscairí a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sa réimse seo, lena n-áirítear maidir leis an staid eipidéimeolaíoch agus maidir leis na hidirghabhálacha a sholáthraítear mar fhreagairt.

Is gá tuilleadh iarrachtaí a fheabhsú agus a fhorbairt atá dírithe ar dhaoine a bhfuil neamhoird dhúbailte orthu i gcásanna speisialta agus leochaileacha: mar shampla, leanaí, daoine óga agus daoine scothaosta, daoine gan dídean, daoine ó chúlra imirceach nó ó chúlraí mionlaigh eitnigh, daoine LADTI[12], daoine faoi mhíchumas, agus i suíomhanna sonracha, mar shampla, príosúin, cúram éigeantach, nó do dhaoine a bhfuil baint acu le himeachtaí cúirte. Tá an peirspictíocht an chomhionannais inscne agus an prionsabal nach bhfágfaí aon duine ar lár, i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar an neamhionannas i réimse na meabhairshláinte agus na nDUDanna. Ar an iomlán, ní mór aghaidh a thabhairt ar an stiogma agus ar an mbaol idirdhealaithe agus na féidearthachtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí coisctheacha a shainaithint.

---

12 Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *Union of Equality: LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025* [Straitéis um chomhionannas LGBTIQ 2020-2025] (COM(2020) 698 final)

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI:

Straitéisí cúraim a bhunú, lena n-áirítear luathbhrath, diagnóis chruinn, cúram comhordaithe, cóireáil fhianaise-bhunaithe, oiliúint do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta agus daoine eile de réir mar is gá, tá maoiniú leordhóthanach do na riachtanais othar sin ar na dúshláin is mó atá os comhair lucht ceaptha beartas agus cleachtóirí anois agus sna blianta atá amach romhainn.

Tá sé de chumhacht ag Ballstáit an Aontais bearta beartais drugaí a fhorbairt agus a ghlacadh, agus meabhraíonn sí, de bhun Airteagal 168 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go gcomhlánaíonn an tAontas Eorpach gníomhaíochtaí na mBallstát chun damáiste don tsláinte a bhaineann le drugaí a laghdú, lena n-áirítear bearta faisnéise agus coisctheacha.

Cé gur inniúlacht eisiach de chuid Bhallstáit an Aontais é cúram meabhairshláinte a bhainistiú, tá ról ríthábhachtach ag an Aontas i gcomhar le hinstitiúidí eile, mar shampla, an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, Oifig na Náisiún Aontaithe i leith Drugaí agus Coireachta, an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí, an saol acadúil, agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, trí chomhairle a chur ar fáil, trí scaipeadh dea-chleachtas a éascú, agus trí thacú le córais chaighdeánaithe faisnéise. Tá feidhm aige sin freisin maidir le bearta dlíthiúla agus siollabais oiliúna d’oibrithe cúraim sláinte maidir le neamhoird mheabhairshláinte agus neamhoird úsáide substaintí.

IARRTAR AR BHALLSTÁIT AN AONTAIS AGUS AR AN gCOIMISIÚN, AGUS AR CHOMHLACHTAÍ AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ ÁBHARTHA EILE DE CHUID AN AONTAIS, INA RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, DE BHUN PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

1. MACHNAMH A DHÉANAMH ar neamhoird úsáide drugaí (DUDanna) in éineacht le neamhoird mheabhairshláinte eile mar dhúshlán tábhachtach do sheirbhísí agus beartais maidir le drugaí agus meabhairshláinte lena n-éilítear freagairt ildisciplíneach agus chuimsitheach ar riachtanais na ndaoine a bhfuil na mí-oird sin orthu;
2. **Idirghabhálacha ar leibhéil éagsúla córais** a bhogadh ar aghaidh chun daoine a bhainistiú le DUDanna agus neamhoird mheabhairshláinte eile le cur chuige ildisciplíneach lena mbaineann na geallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear lucht ceaptha beartas, gairmithe sláinte agus sóisialta, an saol acadúil, an tsochaí shibhialta agus daoine a bhfuil taithí saoil acu;
3. An gá atá le freagairtí a fhorbairt ar riachtanais daoine a bhfuil DUDanna orthu agus neamhoird mheabhairshláinte eile a áireamh sna beartais sláinte, mheabhairshláinte agus drugaí agus aird ar leith a thabhairt ar ghrúpaí i staideanna leochaileacha agus ar ghné an chomhionannais inscne;
4. **Cláir chun neamhoird mheabhracha eile a chosc, a laghdú, a chóireáil, a théarnamh, a lánpháirtiú agus a ath-lánpháirtiú** A FHORBAIRT AGUS A CHUR CHUN FEIDHME chomh maith le modhanna chun neamhghalrachtaí meabhairshláinte eile a bhrath go córasach, atá bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch agus ar na cleachtais is fearr.
5. DÍRIÚ AR iarrachtaí sonracha a dhéanamh chun **idirghabhálacha pearsantaithe** a fhorbairt arna gcoigeartú do riachtanais speisialta daoine aonair de réir a dtosca sonracha aonair agus sóisialta agus a gcomhghalracht (e.g. cineál neamhoird shíciatraigh agus cineál DUD), ar bhealach neamh-idirdhealaitheach;
6. AIRD AR LEITH A THABHAIRT ar **infhaighteacht agus ar inrochtaineacht** cóireála leordhóthanaí agus éifeachtaí do dhaoine a bhfuil DUDanna agus neamhoird mheabhairshláinte eile orthu araon, beag beann ar an bpointe iontrála i gcórais sláinte agus cúraim, (lena n-áirítear seirbhísí laghdaithe díobhála), i gcomhréir leis an bprionsabal 'gan doras mícheart', agus comhordú éifeachtach a áirithiú;

7. **Tacaíocht institiúideach agus airgeadais** leordhóthanach a spreagadh chun freagairtí iomchuí a fhorbairt ar riachtanais daoine a bhfuil DUDanna orthu agus ar neamhoird mheabhairshláinte eile a tharlaíonn in éineacht;
8. Bearta a chur chun cinn arb é is aidhm dóibh **an stiogma agus an t-idirdhealú** a bhaineann leis an meabhairshláinte agus le húsáid drugaí araon **a íoslaghdú**, lena n-áirítear gné atá íogair ó thaobh inscne de;
9. Rochtain shlán ar sheirbhísí do dhaoine atá ag fulaingt i gcomhthráth ó DUDanna agus ó neamhoird mheabhairshláinte eile laistigh den **chóras ceartais choiriúil**, agus go háirithe i bpríosúin, i saoráidí coinneála óige nó in ionaid cheartúcháin;
10. **Oiliúint ghairmiúil** A SHOLÁTHAR AGUS A CHUR I BHFEIDHM, idir oiliúint tosaigh agus oiliúint leanúnach, do ghairmithe cúraim sláinte agus do ghairmithe allamuigh eile agus iad ag déileáil le DUDanna a tharlaíonn in éineacht le neamhoird mheabhairshláinte eile;
11. TACÚ LE **táscairí iontaofa agus inchomparáide** a fhorbairt ar fud tíortha mar uirlisí riachtanacha chun faireachán leordhóthanach a dhéanamh ar an staid maidir le daoine a bhfuil DUDanna orthu agus neamhoird mheabhairshláinte eile, scagthástáil agus diagnóisiú neamhord déach a éascú, agus measúnú a dhéanamh ar bheartais maidir leis an ábhar sin;
12. TOSAÍOCHT A DHÉANAMH DE **thaighde** ar ghnéithe éagsúla de DUDanna agus neamhoird mheabhairshláinte eile agus TACÚ LEIS, agus béim á leagan ar a thábhachtaí atá sainmhínithe agus modhanna tomhais/uirlisí coibhéiseacha, lena n-áirítear taighde ar dhea-chleachtais lenar féidir le gairmithe iad a chur chun feidhme go leordhóthanach.